

***15. An Phéine Albanach (*Pinus sylvestris*)**

Crann an-chrua a sheasann in aghaidh stoirmeacha agus gálaí, a fhaightear in áiteanna nach bhféadfadh mórán eile teacht slán. Snáthaidí péireáilte ar dhath gormghlas. Feonn na craobhacha íochtaracha nó iompraítear chuig barr an chrainn iad, áit a mbailiúnn siad le chéile ina gcoróineacha móra a leathnaíonn amach de réir mar a aibíonn an crann. Buaircíní fireanna buí uirthi, agus aibíonn na buaircíní bainneanna ó dhath glas chuig liathdhonn.

***16. An Dair Ghaelach (*Quercus petraea*)**

Tugtar Rí na gCrann uirthi agus bainneann rithábhacht léi ó thaobh na bhithéagsúlachta de. Tacaíonn sí le níos mó ná 20 speiceas éan agus breis is 200 speiceas inveirteabrach. Fásann bláthanna beaga dearg-ghlasa ar a gais loma sula n-athraíonn siad ina nduilleoga dúghlasa a bhfuil imill dhoimhne dhroimneacha orthu. Bíonn síolta lonracha (dearcáin) aici, a fhaightear i gcupáin ghainneacha adhmaid. Úsáidtear san fhoirgníocht í, agus baintear úsáid as an tainnín a fhaightear ina coirt i gcomhair súdaireacht leathair.

***17. An Cuileann (*Ilex aquifolium*)**

Tugann duilleoga ríghne a bhfuil imill spíonacha acu cosaint don chrann seo in aghaidh creachadóirí. Tagann bláthanna bídeacha bána air san earrach, agus caora glasa ina dhiaidh sin a dtagann dath dearg orthu sa gheimhreadh. Is foinse thábhachtach bhia iad na caora do na héin. Baintear leas as an adhmaid dlúth le troscán a dhéanamh. Deirtear gur féidir leis an gcrann seo teach a chosaint in aghaidh tintrí, agus is minic a chuirtear gar don doras tosaigh é dá bharr sin.

***18. An Fhearnóg (*Alnus glutinosa*)**

Is minic a fheictear an crann seo in áiteanna taisce. Bíonn duilleoga cruinne, gléghlasa uirthi, a bhfuil imill dhroimneacha orthu. Tagann bláthanna uirthi go luath san earrach (caitíní) agus torthaí buaircíní adhmaid ina ndiaidh sin. Ní lobhann an t-adhmaid faoi uisce agus baintear leas as le haghaidh mulle uisce dá bharr sin. Fosaíonn fréamhacha na fearnóige an nítrigin den aer.

***19. An tSaileach Choiteann (*Salix cinerea*)**

Coirt liathdhonn uirthi. Crann ionrach ilghasach is ea í. Feictear bláthanna a bhfuil dath bán an airgid orthu ar a craobhacha loma sula dtagann síolta clúmha bána uirthi a imíonn leis an ngaoth. Bíonn duilleoga ubhchruthacha fionnghlasa uirthi le feilt ar dhath an airgid faoina mbun. Adhmaid éadrom a fhaightear uaithi, atá éasca a bharrscoitheadh. Is féidir buinneáin a chur sa talamh leis na crainn a leathadh.

***20. An Trom (*Sambucus nigra*)**

Is crann tearc é seo i gConamara, nach bhfaightear ach amháin i gceantair a bhfuil an ithir oiriúnach dó. Bíonn tamhan agus craobhacha garbha aige, agus iad beagnach cuasach. Bhaintí a chroí spúinseach tráth den saol agus d'úsáidí na gais chuasacha le haghaidh píobán agus feadán. Bíonn braislí bláthanna buibhána air, idir 10-20cm ar trastomhas, agus tagann torthaí cromtha corcadhubha air ina dhiaidh sin. Duilleoga comhdhéanta de 5-7 nduillein.

Crainn na hÉireann

An brat oighearshrutha, oighir agus sneachta a chlúdaigh Éire tráth den saol; chuaigh sé ar gcúl de réir a chéile nuair a d'éirigh an aeráid ní ba theo ag deireadh na hOighearaoise. Thosaigh crainn ag fás faoi dheoidh a luaithe a bhí na dálaí oiriúnach dóibh. Nuair a tháinig na chéad daoine i dtír 9,000 bliain ó shin, bhí Éire clúdaithe le brat crann. Dhá mhodh scaipthe síolta a chuir ar chumas na gcrann dúchasach coilíniú nádúrtha a dhéanamh ar Éirinn. Is ar an ngaoth a scaipeadh roinnt de na síolta, amhail síolta na beithe agus na sailí. Éin agus ainmhithe eile a d'iompair na síolta ní ba throime, amhail síolta na darach agus an choill, thar na droichid talún a bhíodh mar nasc idir Éire agus mórchríocha in aice léi. Tá crainn dhúchasacha le feiceáil i dtírdhreach na hÉireann leis na mílte bliain agus iad fíorthábhachtach don bhithéagsúlacht agus don raon leathan speiceas a dtacaíonn siad leo. I measc na speiceas dúchasach tá an dair, an fhuinseog, an bheith, an phéine Albanach, an caorthann, an coll agus an tsaileach. I gcás speicis eile, amhail an seiceamar, an crann cnó capall, an sprú, an learóg, an ghiúise agus an fheá, is é an duine daonna a thug isteach le cúpla céad bliain anuas iad.



Conair Crann Páirc Náisiúnta Chonamara

Déan Teagmháil Linn

Páirc Náisiúnta Chonamara,
Leitir Fraic, Co. na Gaillimhe

+353-95-41054

+353-76-1002528

cnp@chg.gov.ie

www.connemaranationalpark.ie



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
Department of Housing,
Local Government and Heritage



National Parks & Wildlife Service

Léarscáil de Chonair na gCrann



Grád: Measartha
Tá céimeanna géara i gCoill Eilís

Fad: 1km

Am: 40 nóiméad

Ceadaítear madraí: ach caithfidh siad a bheith ar iall

An Pointe Tosaithe: An Bothán Eolais sa Charrchlós

An Pointe Deiridh: An Lochán os Comhair Ionad na gCuaríteoirí

*1. An Fionncholl Gaelach (*Sorbus hibernica*)

Crann so-aitheanta lena dhuilleoga fionnghlasa ubhchruthacha, atá bán agus ribeach faoina mbun. Crann beag é a tháirgeann bláthchinn bhána chothroma i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh agus caora dearga cruinne san fhómhar. Bhaintí úsáid as an adhmaid le cathaoireacha a dhéanamh tráth.

*2. An Sceach Gheal (*Crataegus monogyna*)

Crann duillsilteach atá idir chrua agus fhadmharthanach agus a bhfuil baint aige leis an draíocht agus leis na síoga. Tugann an-chuid daoine an Crann Sí air. Duilleoga lonracha ubhchruthacha, roinnte ina 4-7 maothán. Is i mí na Bealtaine a thagann bláthanna bána amach air, agus tugtar an "may bush" air sa Bhéarla dá réir. Tagann caora rua amach air san fhómhar. Is féidir na bláthanna, na duilleoga agus na torthaí a ithe. Tugann sé foscadh d'éin, óir go gcuireann a dhealga géara bac ar chreachadóirí.

*3. An Bheith (*Betula sp*)

Duilleoga beaga a bhfuil ciumhaiseanna garbhfhiaclacha acu. Tagann caitíní buighlasa uirthi san earrach. Coirt mhín ar dhathanna idir liathbhán agus crónbhuí airgid, a scamhtar ina stiallacha. Uaireanta tagann fásóga aisteacha uirthi, a dtugtar scuab na caillí nó neadacha éan orthu.

*4. An Sprús Sitceach (*Picea sitceach*)

Ní crann dúchasach é seo agus is ó chósta thiar thuaidh Mheiriceá Thuaidh a tháinig sé ó dhúchas. Faightear duilliúr siorghlas gorm/glas air, le snáthaidí cothroma atá righin rinneach. Bíonn na snáthaidí óga an-bhog. Faightear siolta i mbuaircíní ar chruth todóige, a éiríonn órdhonn de réir mar a aibíonn siad.

*5. An Caorthann (*Sorbus aucuparia*)

Tugtar Cárthann ar an gcrann seo freisin. Duilleoga comhdhéanta de 5 - 10 nduillein. Faightear brat bláthanna bána air san earrach, agus tagann caora dearga air san fhómhar. Is foinse thábhachtach bhia iad na caora don fhiadhúlra. Is féidir na caora a chócaráil chun glóthach bhlasta a dhéanamh. Úsáidtear an crann mar chosaint ar na síoga.

*6. An Castán Eorpach (*Castanea sativa*)

Tagann eitri ar a choirt agus an crann ag dul in aois. Beirtear a bhláthanna i gcaitíní fada ingearacha, a éiríonn ina gcupúil dheilgneacha a mbíonn 3-5 chnó iontu. Duilleoga fada, caola a bhfuil ciumhaiseanna leathanfhiaclacha acu. Baintear úsáid as a thorthaí i gcócaireacht mhilis agus neamh-mhílis araon. Bíonn a adhmaid an-láidir agus baintear úsáid as le troscán a dhéanamh agus sa chasadh adhmaid. Úsáidtear na craobhacha beaga mar chuailí fáil.

*7. An Fheá (*Fagus sylvatica*)

Ó lár na hEorpa ó dhúchas. Tagann bláthanna beaga uirthi san earrach, agus duilleoga geala ubhchruthacha ina dhiaidh sin. Bíonn faighneoga cruinne deilgneacha mar chosaint ag na síolta uirthi, a dtugtar 'meas' orthu. Is féidir na síolta triantánacha a ithe. Éiríonn an crann an-mhór agus tagann na duilleoga idir solas na gréine agus uirlár na foraoise. Bhaintí úsáid as an adhmaid le tithe agus troscán a thógáil tráth.

*8. An Teile (*Tilia x europaea*)

Crann í seo a tugadh isteach chun na hÉireann. Faightear fás nua timpeall ar a bonn. Bíonn cruth croí ar a duilleoga, agus iad inite nuair atá siad óg. Tagann bláthanna buí uirthi le bracht fada ar a gcúl, agus tagann torthaí beaga atá cruinn agus crua uirthi ina dhiaidh sin. Baintear leas as na brachtanna agus as na bláthanna le tae a dhéanamh. Tagann fásóga dearga ar a duilleoga, a dtugtar gáil ingne teile orthu. Is í fineog is cúis leo.

*9. An Coll (*Corylus avellana*)

Crann beag is ea é seo. Bíonn duilleoga fionnghlasa air a mbíonn cruth beagnach cruinn agus imill fhiaclacha orthu. Tagann caitíní fireanna air sa gheimhreadh, bláthanna baineanna atá beag bideach agus dearg san earrach agus cnónna cothaitheacha san fhómhar. Bhíodh na cnónna ina bhfoinse thábhachtach bhia san anallód. Is féidir a adhmaid a bharrscoitheadh agus leas a bhaint as an athfhás fadghasach i dtógáil tithe.

*10. An Saileánach (*Salix viminalis*)

Crann bogaigh is ea é seo. Úsáidtear le haghaidh na caoladóireachta é. Dath liathdhonn ar a choirt, ach dath donnghlas ar fhás nua. Fásann caitíní ar ghais loma agus síolta bána clúmhacha iontu a scaiptear ar an ngaoth. Bíonn duilleoga fíorchúnga air, roinnt acu rollta istigh. Bhíodh gairdíní saill sa chuid ba mhó de na fearainn agus de na sráidbhailte tráth chun ábhair a chur ar fáil i gcomhair na caoladóireachta.

*11. An Leamhán Sléibhe (*Ulmus glabra*)

Is é an t-aon leamhán dúchasach é. Crann sléibhe a bhíodh ann ar dtús. Bíonn braislí bláthanna deargbhuí ar chraobhacha loma san earrach, agus tagann faighneoga glasbhuí cothroma air ina dhiaidh sin a bhfuil ponc scothdearg ina lár. Dath dúghlas a bhíonn ar na duilleoga agus idir 9-11 fhéith fheiceálacha móide imill fhiaclacha orthu. Tugtar Wych Elm air i mBéarla, a tháinig ó fhocal sa Sean-Bhéarla arbh é "solúbtha" an bhri leis. Baintear úsáid as an adhmaid le haghaidh cathaoireacha agus boghanna fada.

*12. An Seiceamar (*Acer pseudoplatanus*)

Crann fíor-ionrach é seo nach crann dúchasach Éireannach é. Scaipeann sé go gasta de bharr a shíolta sciathánacha. Fásann bláthanna glasbhuí anuas ó na craobhacha air. Bíonn a dhuilleoga roinnte ina gcúig mhaothán agus ciumhaiseanna fiaclacha orthu. Nuair a éiríonn a shíolta aibí, eitlíonn siad ón gcrann ina bpéirí, uillinn 90 céim eatarthu, amhail is dá mba héileacaptair iad. Feictear baill dhubha (nó baill tarra) orthu de bharr fungais.

*13. An Fhuinseog (*Fraxinus excelsior*)

Bíonn coirt phatrúnaithe bhuibhán uirthi nuair atá sí óg, ach tagann gága ar chruth diamaint uirthi de réir mar a aibíonn an crann. Tagann duilleoga nua amach as bachelóga dubha mine uirthi. Bíonn na duilleoga roinnte ina 8-12 dhuillein. Feictear na bláthanna roimh na duilleoga, agus iompraítear ar an aer iad ag deireadh an tsamhraidh. Bhaintí úsáid as an adhmaid tráth le sleánna agus páirteanna carbaid/cairte a dhéanamh, ach is mar ábhar camán is fearr aithne uirthi anois.

*14. Crann Cnó Capaill (*Aesculus hippocastanum*)

Duilleoga palmatacha a mbíonn 5-7 nduillein fhiaclacha acu. Bláthanna bándearga go déanach san earrach, arb aobhinn leis na beacha iad. Toradh deilgneach glas, ina mbíonn cnó capaill amháin nó níos mó. Is crann é a tugadh isteach ó oirdheisceart na hEorpa sa 16ú haois. Creidtear gur féidir damháin alla a choinneáil ó dhoras ach cnónna capaill a chur anseo is ansiúd timpeall an tí.